AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0009/2013**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Aitheanta**
**Bunscoile, Meánscoile, Pobail agus Cuimsitheacha**
**agus**
**Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais**

# TEIDLÍOCHTAÍ CHOSAINT MHÁITHREACHAIS DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna treoir duit na rialacháin agus nósanna imeachta maidir le Teidlíochtaí um Chosaint Mháithreachais do mhúinteoirí incháilithe cláraithe atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta cheadaithe atá maoinithe ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, a fheidhmiú. Baineann na nósanna imeachta seo le múinteoirí a fhaigheann tuarastal incriminteach faoi chonradh buan, conradh tréimhse éiginnte (CID), nó téarma conradh seasta (m.sh. lánaimseartha sealadach (TWT), páirtaimseartha rialta (RPT) mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003.

Tá na rialacháin agus nósanna imeachta le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus caithfidh gach múinteoir cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Tagann an imlitir seo in áit gach imlitir, meamram, rialacha agus rialacháin roimhe seo maidir le Teidlíochtaí Chosaint Mháithreachais. Cinntigh, le do thoil go soláthraítear cóipeanna den chiorclán seo do gach ball de Bhord Bainistíochta/Coiste Gairmoideachais agus go dtabharfar gach a bhfuil ann ar aird na múinteoirí ar fad atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an Imlitir ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Oideachas Foirne – Sosanna/Saoire – Saoire Mháithreachais.

Dalton Tattan
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/SNA
5 Feabhra 2013

Pádraig Maloney
An Rannóg Párolla
5 Feabhra 2013

**Sainmhínithe**

Chun críche na scéime seo beidh an bhrí leis na téarmaí seo a leanas a shanntar dóibh anseo mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Conradh 'Ceann i nDiaidh a Chéile' –** ciallaíonn sé conradh a leanann díreach i ndiaidh an chonartha roimhe gan aon bhriseadh sa tseirbhís: m.sh críochnaíonn conradh amháin an 31 Lúnasa agus tosóidh an conradh nua ó 1 Meán Fómhair den bhliain chéanna.

**Múinteoir atá ag tabhairt Cothú Cíche –** ciallaíonn sé, ag tráth ar bith, múinteoir nach raibh a dáta luí seoil níos mó ná fiche sé seachtain níos túisce, atá ag tabhairt cothú cíche agus a chuir é sin in iúl d'fhostóir an mhúinteora.

**RCS –** Ciallaíonn sé an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Fostóir –** ciallaíonn sé Coiste Gairmoideachais (VEC) do ghairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean chuig Príomhoide na Scoile do na nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo.

**Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) –** an comhlacht náisiúnta in Éirinn le a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

**Bliain Saoire –** ciallaíonn sé an tréimhse 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa gach bliain.

**Sochar Máithreachais –** ciallaíonn sé íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí le mná atá as láthair ón obair ar saoire mháithreachais agus a shásaíonn critéir incháilithe don sochar.

**Foirm MB10 –** ciallaíonn sé sin Foirm Shochair Mháithreachais ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Seirbhís Sláinte Ceirde (OHS) –** Ciallaíonn sé soláthróirí comhairle liachta neamhspleách ar shláinte ceirde.

**Córas Éileamh ar Líne (OLCS) –** ciallaíonn sé córas atá ag feidhmiú faoi láthair i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha chun taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreacht agus chun éilimh a chur isteach i ndáil le múinteoirí ionadaíochta agus múinteoirí páirtaimseartha neamhrialta.

**Scoilbhliain –** mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair an 1 Meán Fómhair agus ag críochnú an 31 Lúnasa gach bliain.

**Múinteoir –** ciallaíonn sé duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn –** ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**1. Saoire Mháithreachais**

1.1 Tá gach múinteoir torrach, a saolaítear leanbh di, nó a shroicheann an 24ú seachtain dá toircheas, i dteideal 26 seachtain saoire mháithreachais agus 16 seachtain saoire mháithreachais neamhíoctha bhreise.

1.2 Cuirfear tús, de ghnáth, le saoire mháithreachais ar an lá a roghnaíonn an múinteoir torrach, mura moltar le deimhniú liachta go dtosóidh an tsaoire ar dháta áirithe. Ach ní féidir, áfach, leis an dáta tosaithe a bheith ag tráth níos déanaí ná 2 sheachtain roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh agus caithfear ceithre seachtaine a thógáil tar éis deireadh na seachtaine a mbéarfar an leanbh. Chun na críche seo, féachtar ar an Satharn mar dheireadh na seachtaine. Féadfaidh múinteoirí aird a thabhairt freisin ar rialacha na Roinne Coimirce Sóisialaí nach dtosaíonn incháilitheacht maidir le sochar mháithreachais de ghnáth go dtí an 24ú seachtain den toircheas agus críochnaíonn nuair a thagann deireadh leis an tsaoire mháithreachais. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le rialacháin na Roinne Coimirce Sóisialaí le fáil díreach ón Roinn sin.

1.3 Má tharlaíonn an bhreith i seachtain sula gcuireann an múinteoir tús leis an tsaoire mháithreachais ansin ní mór tús a chur leis an tsaoire mháithreachais láithreach agus caithfear an fostóir a chur ar an eolas.

1.4 Má tharlaíonn an bhreith tar éis an dáta a rabhthas ag súil leis agus má tá níos lú na 4 seachtaine de shaoire mháithreachais fanta, ansin caithfear an fostóir a chur ar an eolas agus cuirfear síneadh leis an tsaoire mháithreachais lena chinntiú go dtógfar 4 seachtain de shaoire mháithreachais tar éis na breithe.

**2. Saoire Reachtúil Neamhíoctha Bhreise**

2.1. Tá sé de rogha ag múinteoir uasmhéid de 16 seachtain comhleanúnach saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil ag tosú an lá díreach tar éis don tsaoire mháithreachais a bheith críochnaithe.

2.2 D’fhéadfadh múinteoir a bhaineann leas as an tsaoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a bheith i dteideal creidiúintí ÁSPC. Comhlánaigh le do thoil Iarratas ar Chreidiúintí Saoire Mháithreachais atá ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus éiligh ar d'fhostóir cuid an fhostóra den fhoirm a chomhlánú agus é a sheoladh ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**3. Saoire Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana**

3.1 Féadfaidh múinteoir a mbeidh saoire mháithreachais agus saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise tógtha aici iarratas a dhéanamh ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana.

3.2 I gcomhthéacs na saoire seo glactar leis go gciallaíonn deireadh na scoilbhliana an 31 Lúnasa. Mar shampla, dá dtiocfadh deireadh le gach cineál saoire eile dá dtagraítear dóibh thuas faoin 4 Bealtaine, agus dá mba mhian leis an múinteoir atá i gceist fanacht ón scoil don chuid eile den scoilbhliain, seachas filleadh ar feadh tréimhse gairid, ansin leanfar leis an tsaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí an 31 Lúnasa agus an lá sin san áireamh.

3.3 Ní hionann an tsaoire seo agus teidlíocht reachtúil agus tá sé faoi réir ag cead scríofa a fháil ón bhfostóir sé seachtaine ar a laghad sula mbíonn sé i gceist leas a bhaint as an tsaoire seo.

## 4. An t-ord ina gcaithfear saoire a thógáil

4.1 Is iad seo a leanas na socruithe oird do theidlíochtaí máithreachais:
(a) Saoire Mháithreachais (26 seachtain)
(b) Aon saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise (uasmhéid de 16 seachtaine)
(c) Saoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (go dtí 31ú Lúnasa)

4.2 Nuair a bhíonn gach cineál saoire gaolmhaire úsáidte go hiomlán, de réir mar is iomchuí do gach duine aonair, ansin is ionann an chéad lá oibre eile agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an múinteoir filleadh.

## 5. Nósanna Imeachta Iarratais do Mhúinteoirí

5.1 Ba chóir do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh chuig a bhfostóir i leith saoire mháithreachais íoctha agus neamhíoctha araon ar a laghad 6 seachtaine roimh thosú na saoire ar fhoirm iarratais fhorordaithe atá i gceangal le hAguisín A den imlitir seo.

5.2 Tá an t-iarratasóir freagrach as Foirm MB10 a chomhlánú agus ba chóir di a chinntiú go gcomhlánaíonn an scoil cuid an fhostóra sula seoltar ar aghaidh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí an fhoirm ar a laghad 6 seachtaine roimh an dáta tosaithe. **NÍOR** chóir foirm MB10 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 6. Ríomha agus Nósanna Imeachta OLCS d'Fhostóirí

6.1 Ní mór d'fhostóirí neamhláithreacht a chur isteach ar an OLCS ar a laghad 6 seachtaine roimh dháta tosaithe na saoire máithreachais.

6.2 Tá an nós imeachta i ndáil le taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreacht saoire máithreachais ar an OLCS i gceangal le hAguisín B den imlitir seo.

6.3 Tá sampla de bhileog oibre ríomha saoire mháithreachais i gceangal le hAguisín C den imlitir seo.

## 7. Seoladh Comhfhreagrais

7.1 Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an múinteoir ag an seoladh is déanaí a chuir an múinteoir in iúl dó agus ní bheidh aon mhilleán ar an bhfostóir sa chás nach bhfaighidh an múinteoir an comhfhreagras.

## 8. Teidlíocht Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Poiblí

8.1 Tá fostaithe lánaimseartha i dteideal 20 lá saoire poiblí, go ginearálta. Tá fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta iomlán i dteideal saoire bhliantúil ar bhonn pro rata.

8.2 Tabharfar aghaidh ar aon teidlíocht maidir le laethanta saoire bhliantúil a tharlaíonn le linn a bheith ar saoire mháithreachais sa tsaoire bhreise bhliantúil.

8.3 Beidh na teidlíochtaí saoire bliantúla seo le tógáil na laethanta a mbíonn an scoil dúnta a tharlaíonn an bhliain saoire atá i gceist, m.sh. roimh agus tar éis na tréimhse saoire máithreachais araon. Beidh teidlíochtaí saoire bliantúla le tógáil ag tráth lasmuigh den tréimhse saoire máithreachais.

8.4 Tá sé ceadaithe na laethanta atá riachtanach a thógáil díreach tar éis na saoire máithreachais sa bhliain chéanna nuair atáthar ag baint leas as saoire mháithreachais bhliantúil agus nuair nach bhfuil an scoil dúnta dóthain laethanta leis na teidlíochtaí saoire bliantúla a thógáil. Mar mhalairt air sin, tabharfar cead do mhúinteoirí an fuílleach a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain saoire dár gcionn ach ní mór na laethanta a thógáil ansin le linn den scoil a bheith dúnta.

8.5 D'fhéadfadh múinteoirí a éiríonn as/a théann ar scor nó ar tháinig deireadh lena gcuid fostaíochta a bheith i dteideal íocaíocht in ionad a saoire fabhraithe.

**9. Socruithe Pá agus Sochar Máithreachais**

9.1 Níl teidlíocht reachtúil ann go leanfaí ag íoc tuarastail le linn saoire máithreachais agus beidh sé sin ag brath ar théarmaí agus ar choinníollacha comhaontaithe na scéime a chomhlíonadh.

9.2 Ba chóir aon ghníomh lena mbíonn gá le coigeartú a dhéanamh ar phá an mhúinteora a chur in iúl don Roinn/An Coiste Gairmoideachas láithreach.

9.3 Faoi rialacháin RCS, níl aon teidlíocht ag ranníocóirí ÁSPC ag an ráta leasaithe (Aicme D) do Shochar Máithreachais. Dá bhrí sin ní dhéantar aon asbhaint as a dtuarastal agus fanann siad ar a ngnáth ráta pá.

9.4 Faoi rialacháin an RCS eiseofar aon Sochar Máithreachais atá iníoctha ag an RCS chuig ranníocóirí ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) go díreach chuig an múinteoir atá i gceist. Cuirfidh an Roinn asbhaint ón tuarastal i bhfeidhm, sa chéad áit, arb ionann é agus an t-uasráta seachtainiúil Sochair Mháithreachais atá iníoctha leis an múinteoir.

9.5 Má tá an méid sochair atá iníoctha leis an múinteoir faoin uasmhéid, nó mura bhfuil an duine i dteideal aon Sochar Máithreachais, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl láithreach dá rannán párolla lena chinntiú go mbíonn na coigeartuithe tuarastail i gceart. Is féidir athruithe a dhéanamh ar asbhaint uathoibríoch má sholáthraíonn an múinteoir cóip d'fhógra scríofa an RCS a thugann an ráta Sochair ceart is infheidhme, más ann dó, chuig an bpárolla ábhartha. Déanfar asbhaintí, nuair is iomchuí, gach coicís le linn na tréimhse saoire íoctha go dtí uasmhéid 26 seachtaine i leith saoire mháithreachais. Má dhéantar taifeadadh deireanach ar mhionsonraí neamhláithreachta caithfear aon riaráistí atá dlite a asbhaint as an tuarastal tar éis dáta an fhógra.

9.6 Le héifeacht ón 1 Iúil 2013 caithfear le híocaíocht Sochar Máithreachais mar ioncam incháinithe.

**10. Am saor le haghaidh coinní chúram réamhbhreithe, coinní iarbhreithe agus chun freastal ar ranganna réamhbhreithe.**

10.1 Tá múinteoirí torracha i dteideal am saor ón obair, gan caillteanas pá, chun:

(a) freastal ar choinní liachta a bhaineann le cúram réamhbhreithe,

(b) freastal ar shraith amháin ranganna réamhbhreithe le linn slí bheatha oibre, seachas na trí rang deiridh sa tsraith sin, agus

(c) freastal ar choinní liachta a bhaineann le cúram iarbhreithe laistigh de 14 seachtain den bhreith

10.2 Má chaileann múinteoir torrach ranganna réamhbhreithe áirithe i sraith ansin ceadaítear di, le linn toirchis nó toircheas ina dhiaidh sin, freastal a dhéanamh ar ranganna comhionanna leis na ranganna a chaill sí.

10.3 Bíonn athair ionchasach i dteideal am saor ón obair, gan caillteanas pá, le freastal ar an dá rang réamhbhreithe deiridh i sraith ar a mbíonn an mháthair thorrach ag freastal.

10.4 Ba chóir fógra coicíse a thabhairt i leith gach neamhláithreacht a dtagraítear dóibh sa chuid seo agus ba chóir deimhniú iomchuí a sholáthar.

## 11. Sláinte agus Sábháilteacht múinteoirí torracha, múinteoirí iarbhreithe agus múinteoirí atá ag tabhairt cothú cíche

11.1 Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir, chomh luath is a thugann an múinteoir fógra go bhfuil sí torrach, aon riosca ar leithligh san áit oibre a mheas agus a chinntiú nach mbeidh an múinteoir torrach, an múinteoir iarbhreithe nó an múinteoir atá ag tabhairt cothú cíche á gcur i mbaol ó oibreáin, próisis nó ó choinníollacha a dhéanfaidh dochar do shábháilteacht nó do shláinte an mhúinteora atá torrach agus/nó leanbh atá ag forbairt.

11.2 Ba chóir an múinteoir a chur ar an eolas maidir le torthaí an mheasúnaithe riosca agus maidir leis na bearta atá le tógáil. Tá an socrú mionsonraithe maidir le freagrachtaí an fhostóra agus an mhúinteora faoi seach maidir le saoire sláinte agus sábháilteachta le fáil in Ailt 17 – 20 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994.

11.3 Sa chás go n-aithnítear riosca agus nach bhfuil sé indéanta fáil réidh leis, ní mór bearta cosanta agus coisctheacha a thógáil le sláinte aon mhúinteora lena mbaineann na forálacha sin a chosaint, ar nós:

(a) athrú sealadach ar thimpeallacht oibre an mhúinteora atá i gceist chun go seachnaítear nochtadh don riosca, nó

(b) sa chás nach féidir athrú den sórt sin a dhéanamh, an múinteoir a aistriú chuig obair oiriúnach eile, nach bhfuil riosca i gceist léi, nó

(c) sa chás nach bhfuil obair eile den sórt sin ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an OHS agus deimhniú a fháil uaidh, saoire sláinte agus sábháilteachta a thabhairt don mhúinteoir. Tá an múinteoir i dteideal, má iarrtar é, teastas a fháil ina luaitear na cúiseanna ar tugadh saoire di. Ní mór go dtabharfadh an teastas seo dáta tosaithe agus dáta ionchasach deiridh na saoire. Is féidir Saoire Sláinte agus Sábháilteachta Máithreachais a dheonú maidir le níos mó ná aon tréimhse amháin, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a bhfuil breac chuntas tugtha ina leith in 11.1 agus 11.2 thuas i leith gach ceann de na tréimhsí atá i gceist.

11.4 Soláthraítear teastas samplach riosca sa sceideal leis na Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Deimhniú Saoire Sláinte agus Sábháilteachta) 1995 (I.R. Uimh. 19 de 1995).

11.5 Tiocfaidh deireadh le Saoire Sláinte agus Sábháilteachta nuair:

(a) a thosóidh an múinteoir lena mbaineann saoire mháithreachais, nó

(b) nach fostaí a thuilleadh í an múinteoir lena mbaineann Cuid III den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (m.sh. tugann sí fógra don fhostóir nach bhfuil sí torrach, nár rugadh leanbh di le ceithre seachtain déag nó nach bhfuil sí i bhfoisceacht 26

seachtain do dháta na breithe ná nach raibh sí ag tabhairt cothú cíche, mar a shainmhínítear san Acht); nó

(c) a thagann deireadh leis an riosca.

11.6 Ba chóir ceisteanna sonracha maidir le saincheisteanna sábháilteachta a chur ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), www.hsa.ie, atá in ann comhairle, cabhair agus spreagadh atá dírithe ar chosc a chur ar thimpistí a bhaineann le hobair agus sábháilteacht, sláinte agus leasa ceirde ag an obair a chur chun cinn.

11.7 Beidh múinteoir a íocann ranníoca ÁSPC ag an ráta leasaithe (Aicme D) agus nach bhfuil aon teidlíocht aici i leith sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón RCS, i dteideal pá iomlán an t-achar a bhíonn sí ar shaoire sláinte agus sábháilteachta. Íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuarastal iomlán leis an múinteoir a íocann ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) agus atá i dteideal Sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón RCS don chéad 21 lá, agus ina dhiaidh sin, íocfar tuarastal iomlán léi lúide aon sochar a íocann an RCS léi.

**12. Saoire Atharthachta: Teidlíocht saoire múinteoirí fir i gcás bhás na máthar fad a bhíonn sí ar saoire mháithreachais**

12.1 I gcás go mbásaíonn an mháthair laistigh de 40 seachtain de bhreith a linbh, tá múinteoir fir arb é athair an linbh é i dteideal saoire mar seo a leanas:

(a) má bhásaíonn an mháthair roimh dheireadh na $24^{\text{ú}}$ seachtaine i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh, tá an t-athair i dteideal saoire íoctha suas go dtí an $24^{\text{ú}}$ seachtain. Ag deireadh na tréimhse sin, tá sé i dteideal cur isteach ar 16 seachtain bhreise i ndiaidh a chéile de shaoire neamhíoctha le tosú láithreach

**nó**

(b) má bhásaíonn an mháthair tar éis an $24^{\text{ú}}$ seachtain i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh, tá an t-athair i dteideal saoire neamhíoctha suas go dtí an $40^{\text{ú}}$ seachtain i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh.

12.2 Beidh feidhm freisin leis an socrú oird maidir le saoire an athar a bhfuil breac chuntas tugtha ina leith i **gCuid 4**

(a) Saoire Atharthachta (an t-aistriú chuig an athair d'aon chuid de theidlíocht saoire mháithreachais na máthar atá fanta suas go dtí an $24^{\text{ú}}$ seachtain tar éis na seachtaine inar rugadh an leanbh).

(a) Saoire atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise (an t-aistriú chuig an athair d'aon chuid de shaoire neamhíoctha bhreise na máthar atá fanta suas go dtí an $40^{\text{ú}}$ seachtain tar éis na seachtaine inar rugadh an leanbh).

(c) Saoire atharthachta neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (31 Lúnasa)

12.3 Ba chóir go dtosódh an tsaoire de ghnáth laistigh de 7 lá den teagmhas atá mar chúis le teidlíocht an athar i leith saoire ach ba chóir don fhostóir rogha a fheidhmiú ó thaobh imthosca an duine aonair. Chun leas a bhaint as an teidlíocht saoire ní gá don athair sna himthosca sin ach iarratas i scríbhinn a chur chuig a fhostóir. Chomh luath agus is féidir go réasúnach, ba chóir cóip de theastas báis na máthar agus cóip de theastas breithe an linbh a thabhairt don fhostóir.

**13. Teidlíocht saoire a chur ar atráth i gcás go gcoinnítear an leanbh san ospidéal**

13.1 I gcás go gcoinnítear an leanbh san ospidéal, is féidir iarratas a dhéanamh ar an bhfostóir:

(a) saoire mháithreachais
(b) saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise
(c) saoire atharthachta
(d) saoire atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise a chur ar atráth.

13.2 Ní féidir saoire mháithreachais a chur ar atráth ach amháin tar éis 14 seachtain ar a laghad den tsaoire a bheith imithe in éag, a gcaithfidh ceithre seachtaine díobh a bheith glactha i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh. Leis an tsaoire a chur ar atráth ní mór don mhúinteoir a bhí as láthair filleadh ar a cuid dualgas sa scoil le linn tréimhse an atrátha.

13.3 Ní mór iarratas ar saoire a chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh coinnithe a chur leis. Ní mór don fhostóir an múinteoir a chur ar an eolas is scríbhinn maidir leis an gcinneadh chomh luath agus is féidir. Má chuirtear an tsaoire ar atráth, caithfidh an fostóir agus an múinteoir teacht ar chomhaontú maidir leis an dáta le filleadh ar obair.

13.4 Ní mór an Roinn/an Coiste Gairmoideachais agus an RCS a chur ar an eolas láithreach má tá an múinteoir le filleadh ar an obair le coigeartú pá a éascú agus le deireadh a chur le haon sochar ón RCS agus le híocaíocht an mhúinteora athsholáthair a thabhairt chun críche.

13.5 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil in aon tréimhse leanúnach ag tosú tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an linbh a scaoileadh abhaile as an ospidéal. Is é an tréimhse uasta chun saoire a chur ar atráth ná 6 mhí.

13.6 Ní mór don mhúinteoir litir nó doiciméad iomchuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh a chur ar fáil don fhostóir ag deimhniú an dáta a bhfuiltear ag scaoileadh an linbh abhaile ón ospidéal.

13.7 Má éiríonn an múinteoir breoite tar éis filleadh ar an obair agus sula dtógann sé/sí an tsaoire atrátha, breithneofar gur ar an gcéad lá den neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht a chuir sé/sí tús leis an tsaoire a cuireadh ar atráth mura gcuireann an múinteoir in iúl don fhostóir nach mian leis/léi tús a chur leis an tsaoire a cuireadh ar atráth. Má tharlaíonn sé sin forghéillfidh sé/sí an tsaoire a cuireadh ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar shaoire bhreoiteachta. Ba chóir na nósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta a leanúint, lena n-áirítear teastas liachta a thabhairt isteach nuair is cuí.

**14. Foirceannadh saoire máithreachais reachtúil neamhíoctha breise/saoire atharthachta i gcás bhreoiteacht na máthar/an athar.**

14.1 Má dhéanann múinteoir iarratas ar shaoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise, nó saoire atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise agus má éiríonn sé/sí breoite, tá sé/sí i dteideal an t-iarratas a chur ar ceal i scríbhinn, tráth nach déanaí ná 4 seachtain roimh an dáta a bhfuil an tsaoire ceaptha tosú. Má tá an spriocdháta 4 seachtain imithe in éag caillfear an teidlíocht chun an tsaoire a chur ar ceal. Féadfar iarratas foirmiúil a dhéanamh fós, áfach, leis an tsaoire sin a chur ar ceal i bhfabhar neamhláithreacht de bharr saoire bhreoiteachta deimhnithe.

14.2 Tá an rogha ag an bhfostóir iarratas den sórt sin ar an tsaoire a chur ar ceal, a cheadú. Má cheadaítear an tsaoire, ní mór don fhostóir agus don mhúinteoir teacht ar chomhaontú maidir le dáta foirceanta na saoire sin. Ní féidir an dáta a chomhaontaítear a bheith níos luaithe ná an chéad lá breoiteachta deimhnithe ná níos déanaí ná an dáta a dtiocfaidh deireadh leis an tsaoire fhoirceanta. Beidh feidhm ansin leis na gnáth nósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta. Ní bheidh an múinteoir i dteideal an tsaoire mháithreachais neamhíoctha bhreise a thógáil nó aon chuid di nár tógadh tráth a dtosaíonn an tsaoire bhreoiteachta.

14.3 Chun an coigeartú pá riachtanach a éascú, ní mór an Roinn/An Coiste Gairmoideachais a chur ar an eolas láithreach go bhfuil an múinteoir ar saoire bhreoiteachta anois.

**15. Soláthar i leith cothú cíche a thabhairt**

15.1 Tá an múinteoir atá tar éis filleadh ar an obair laistigh de thréimhse fiche sé seachtain i ndiaidh bhreith an linbh i dteideal uair an chloig in aghaidh an lae chun cothú cíche a thabhairt don leanbh. Féadfar an t-am saor, gan pá a chailleadh, a ghlacadh mar seo a leanas:

(a) briseadh amháin 60 nóiméad,

nó

(b) dhá bhriseadh 30 nóiméad an ceann,

nó

(c) trí bhriseadh 20 nóiméad an ceann

15.2 Ní mór don mhúinteoir a cháilíonn don soláthar sin an fostóir a chur ar an eolas i scríbhinn go bhfuil sé i gceist aici briseadh den sórt sin a thógáil. Ó thaobh téarmaí na imlitreach seo, ba chóir fógra 4 seachtaine a thabhairt roimh fhilleadh ar obair tar éis saoire a bhaineann le máithreachas. Caithfear cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach leis an iarratas ar bhriseadh cothú cíche. Is ceist don phríomhoide é na socruithe is gá a dhéanamh leis an múinteoir chun briseadh cothú cíche a éascú.

**16. Saoire bhreoiteachta a bhaineann le toircheas a lascainiú chun críocha pá**

16.1 D'fhéadfadh múinteoir torrach atá breoite cáiliú do shaoire bhreoiteachta a bhaineann le toircheas. Dá bhrí sin, ceadaítear d'fhostóirí, ar dheimhniú liachta a fháil a dhearbhaíonn go mbaineann an bhreoiteacht le toircheas, an neamhláithreacht a chur isteach ar an OLCS mar "bhreoiteacht a bhaineann le toircheas". Ní bhaineann an socrú sin ach amháin le breoiteacht a tharlaíonn le linn toircheas agus sula gcuirtear tús le saoire mháithreachais.

16.2 I gcás múinteora atá ag teannadh le huas-teidlíocht i leith saoire bhreoiteachta íoctha faoi na gnáth rialacha féadfar lascainiú a dhéanamh ar aon tréimhse saoire bhreoiteachta íoctha a bhaineann le toircheas. Ar mhaithe lena dheimhniú gur bhain an neamhláithreacht le toircheas, ba chóir d'fhostóirí comhairle a lorg ón OHS.

16.3 Ba chóir don fhostóir, agus é ag cur an cháis seo faoi bhráid an OHS Lámhleabhar Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha a leanúint.

**17. Ceapacháin ar Théarma Seasta/Cuspóir Sheasta**

17.1 Beidh teidlíocht iomlán saoire mháithreachais ag an múinteoir atá ar chonradh téarma seasta/conradh cuspóir seasta le linn téarma an chonartha. Níor chóir go mbeadh aon tionchar ar cheadú nó ar thógáil teidlíochta saoire máithreachais ar cheapachán ar théarma seasta/cuspóir seasta nó ar athnuachan ceapachán den sórt sin.

17.2 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht a bhaineann le toircheas ar dhul in éag an chonartha mura leanann conradh 'ceann i ndiaidh a chéile' an conradh sin i bpost múinteoireachta ceadaithe atá maoinithe ag airgead atá á sholáthar ag an Oireachtas.

**18. Conarthaí Athsholáthair**

18.1 Beidh gach neamhláithreacht atá clúdaithe faoi théarmaí an chiorcláin seo, de thréimhse lá amháin ar a laghad, inionadaithe. Ba chóir go ndéanfadh conarthaí a bhronntar chun neamhláithreacht a chlúdach a bhfuil breac chuntas tugtha ina leith sa chiorclán seo tagairt shoiléir a dhéanamh go bhféadfadh imthosca a bheith ann nuair a chaithfí conradh athsholáthair a fhoirceannadh i gcás go bhfillfeadh an múinteoir a bhí as láthair ar dhualgais tráth níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis. (m.sh. cuireann an múinteoir atá as láthair cuid dá saoire mháithreachas ar atráth mar gheall go bhfuil an leanbh nua-bheirthe coinnithe san ospidéal).

**19. Stádas le linn Saoire**

19.1 Meastar múinteoir atá as láthair ar aon chineál saoire dá dtagraítear dóibh sa chiorclán seo, seachas saoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise, a bheith fostaithe ag an am sin. Tá neamhláithreacht íoctha inríofa go hiomlán do gach críoch, lena n-áirítear, sinsearacht, breithniú cearta painéil srl. Tá saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise inríofa do gach críoch, seachas aoisliúntas. Níl neamhláithreacht ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go deireadh na scoilbhliana inríofa d'aon chríoch, lena n-áirítear, fabhrú saoire bhliantúil.

**20. Poist Fhreagrachta Fholmha**

20.1 Ba chóir go gcuirfí ar an eolas múinteoir atá as láthair maidir le haon cheann de na cineáil saoire atá clúdaithe faoi théarmaí na himlitreach seo maidir le Poist Fhreagrachta atá le líonadh sa scoil.

**21. Fostaíocht le linn Saoire Mháithreachais**

21.1 Níl cead ag múinteoirí a bheith rannpháirteach in aon fhostaíocht íoctha le linn dóibh a bheith ar saoire mháithreachais. D'fhéadfaí Sochar Máithreachais a fhoirceannadh faoi rialacháin an RCS sa chás go rachfaí i mbun fostaíochta le linn a bheith ar saoire mháithreachais. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar aon íocaíocht tuarastail ón Roinn seo i gcás go ndéantar foirceannadh ar Shochar Máithreachais a eascraíonn as neamhchomhlíonadh théarmaí scéim an RCS.

**22. Filleadh ar Dhualgas**

22.1 Ba chóir don fhostóir ráiteas scríofa a thabhairt don mhúinteoir atá as láthair maidir lena neamhláithreacht agus maidir leis an dáta a bhfuiltear ag súil go bhfillfidh an múinteoir ar a dualgais. Ba chóir don mhúinteoir atá le filleadh ar obair fógra scríofa a thabhairt don fhostóir ceithre seachtain roimh an dáta a bhfuil sé i gceist aici filleadh ar an ionad oibre ag deimhniú go bhfuil sé beartaithe aici filleadh ar a dualgais ón dáta sin.

## 23. Comhlíonadh

23.1 Ní mór do gach múinteoir déanamh de réir na rialachán agus na nósanna imeachta atá leagtha amach san imlitir seo. Mura gcloítear leis na rialacháin agus nósanna imeachta déileálfar leis sin faoi nósanna imeachta araíonachta agus d'fhéadfaí deireadh a chur le tuarastal mar thoradh air.

23.2 Ní mór don fhostóir an doiciméadacht ar fad a bhaineann le socruithe saoire mháithreachais a choinneáil in éineacht le taifid phearsanra ábhartha. Féadfaidh oifigigh atá ainmnithe ag an Roinn na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh. Ba chóir go mbeadh na taifid ar fad ag teacht leis na sonraí atá ionchurtha ar an OLCS.

## 24. Tuilleadh Eolais

24.1 De réir an ailt thosaigh tá na rialacháin atá san imlitir seo le cur i bhfeidhm ag an bhfostóir. Dá réir sin, ba chóir na ceisteanna ar fad a thabhairt ar aird an fhostóra i dtús báire agus d'fhéadfadh sé gur mhian leo siúd dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíochta, agus d'fhéadfadh siadsan tuilleadh comhairle a fháil ar an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

**Aguisín A**

**Foirm Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire Mháithreachais**

Ní mór an t-iarratas seo a chomhlánú go hiomlán agus é a choinneáil sa scoil chun críche taifid agus iniúchta. Féadfar é a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar saoire mháithreachais agus ar shaoire mháithreachais reachtúil agus/nó ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha. Ba chóir an t-iarratas a chomhlánú agus é a sheoladh isteach 6 seachtain ar a laghad sula dtosaíonn an tsaoire.
NÍL an t-iarratas seo le seoladh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Sa chás go n-íocann an t-iarratasóir Ranníoca ÁSPC Aicme A ní mór Foirm MB10 chomhlánaithe a sheoladh chuig an RCS. Tá an Fhoirm seo le fáil ón RCS nó ar líne, ag: www.welfare.ie

**IARRATAS I LEITH:**

**□ Saoire Mháithreachais □ Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha □ Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha**

*Cuir tic mar is cuí le do thoil*:

Ainm: ___________________________________ Scoil: _________________________________

Uimh. Rolla . _______Uimhir Chonartha: ________PPSN: _________________________________
___________________

Dáta tuartha na breithe (DTB) ___/_____/_____
***(Ní mór teastas liachta ag deimhniú dáta tuartha na breithe a chur faoi iamh)***

Is mian liom tús a chur le mo shaoire mháithreachais an ___/____/______

Luaigh líon na laethanta saoire máithreachais reachtúil neamhíoctha breise a bheidh le tógáil (más ann):

______________(Laethanta leanúnacha agus deirí seachtaine le cur san áireamh)

Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha Bhreise ó ____________go ____________
(cuir isteach na dátaí a bheidh san áireamh)

Féadfaidh múinteoir a mbeidh saoire mháithreachais agus saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise tógtha aici iarratas a dhéanamh ar 'shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana'.

Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana ó __
go dtí an 31 Lúnasa ___

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar an tsaoire thuas de réir théarmaí Imlitir 0009/2013
***Síniú an Mhúinteora:* ____________________________ *Dáta:* _______________**

Ceadú agus Fíorú an Fhostóra
Deimhním go bhfuil an tsaoire thuas ceadaithe agam de réir Imlitir 0009/2013 agus go bhfuil na doiciméid seo a leanas coinnithe ar chomhad agam chun críche iniúchta:
1) Gach iarratas ar theidlíochtaí saoire mháithreachais.

2) Teastas a thaispeánann dáta tuartha na breithe.

3) Cóip chomhlánaithe den Fhoirm MB10.

***Síniú:*** __________________________________________***Dáta***: _________
*(Thar ceann an Fhostóra)*

**Aguisín B**

**Nósanna Imeachta a bhaineann le Saoire Mháithreachais a Thaifeadadh ar an OLCS (Scoileanna nach Scoileanna Coiste Gairmoideachais iad)**

1) Cliceáil *Add under Leave* ar an gclár OLCS

2) Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe na saoire.
   - Cliceáil *Next*

3) Roghnaigh an ball foirne atá ar saoire
   - Roghnaigh an catagóir saoire – Saoire Teaghlaigh agus
   - Roghnaigh fochatagóir na saoire – Saoire Mháithreachais
     Ba chóir go dtaispeánfadh an líon iomlán laethanta sa réimse 182 (26 seachtain) i leith saoire mháithreachais.
   - Cliceáil *Next*

4) Cuir isteach dáta tuartha na breithe
   - Fíoraigh Deimhniú MB10

**Eolas chun Cuidiú le Fostóirí Foirm MB10 a Chomhlánú**

➢ Tá liosta seachtainí ÁSPC na bliana reatha agus na bliana roimhe sin ar taispeáint ar an OLCS chun cuidiú le cuid an fhostóra den Fhoirm MB10 a chomhlánú

➢ Sa chás go raibh líon iomlán de 52 seachtain ÁSPC don bhliain chánach roimhe sin agus go raibh an múinteoir fostaithe go leanúnach ó shin, ansin is 52 seachtain an líon iomlán seachtainí atá le cur isteach. Sa chás go bhfuil líon iomlán na seachtainí níos lú ná 52 agus go bhfuil conradh ag an múinteoir go dtí dáta tosaithe a saoire mháithreachais is é líon iomlán na seachtainí ná suim seachtainí ÁSPC na bliana cánach roimhe sin móide seachtainí ÁSPC na bliana cánach reatha go dtí dáta tosaithe a saoire máithreachais.

➢ Cuir isteach Uimhir Chláraithe an Fhostóra, sínigh, cuir isteach an dáta agus cuir stampa air dá réir sin.

Is ionann Uimhir Chláraithe an Fhostóra do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile ná 0081300S

Is ionann Uimhir Chláraithe an Fhostóra do Mhúinteoirí Bunscoile ná 4000099H

   - Cliceáil *Add Certificate*
   - Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe an Teastais (Ní mór go mbeadh an dáta seo ag teacht le dáta Tosaithe agus dáta Críochnaithe na Saoire Mháithreachais)
   - Cliceáil *Add* (Cruthófar uimhir Theastais agus ba chóir an uimhir sin a thaifeadadh ar chúl an iarratais agus an t-iarratas a chomhdú ansin.)
   - Cliceáil *Next*
   - Cliceáil *Add*. Taispeánfar teachtaireacht dearbhaithe.

**Tabhair ar Aird: Saoire Mháithreachais Bhreise (Neamhíoctha)**

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach féidir neamhláithreacht Saoire Mháithreachais Neamhíoctha a chur isteach ar an OLCS go dtí an chéad lá oibre eile i ndiaidh an fhógra i leith na Saoire Mháithreachais. Ní mór go bhfíoródh an Roinn an tSaoire Mháithreachais ar dtús ar mhaithe le tús a chur le hasbhaintí ó thuarastal.

**Aguisín C** (i)

Bileog Oibre Shamplach chun Saoire Mháithreachais a Ríomh

**Sampla**

Sampla bunaithe ar dháta tuartha na breithe (DTB) den 20 Meán Fómhair 2013; saoire ag tosú ón 02 Meán Fómhair 2013; 112 lá saoire reachtúil neamhíoctha agus saoire neamhreachtúil neamhíoctha go dtí deireadh na scoilbhliana.

| | |
|---|---|
| (1) Dáta tuartha na breithe (DTB) | 20 Meán Fómhair 2013 |
| 2) Dáta Tosaithe<br>(nach mór a bheith 2 sheachtain ar a laghad roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh) | 02 Meán Fómhair 2013<br>(Sa sampla seo an dáta tosaithe is déanaí a cheadófaí ná 07 Meán Fómhair 2013) |
| (3) Dáta Deiridh na Saoire Máithreachais<br>(26 seachtain ón 02 Meán Fómhair 2013) | 02 Márta 2014 |
| (4) Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha<br>(uasmhéid 16 seachtain= 112 lá) | Sa sampla seo tá 112 lá saoire neamhíoctha le tógáil ón 03 Márta 2014 go dtí 22 Meitheamh 2014 agus na laethanta sin san áireamh |
| (5) Dáta Fillte tar éis Saoire Máithreachais Reachtúla Neamhíoctha | 23 Meitheamh 2014 |
| (6) Tá rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha a thógáil go dtí deireadh na scoilbhliana (31 Lúnasa) | Sa sampla seo roghnaíonn an múinteoir an rogha seo a thógáil, is é sin Saoire Neamhreachtúil Neamhíoctha ón 23 Meitheamh 2014 go dtí 31 Lúnasa 2014 |
| (7) Dáta deiridh chun filleadh ar dualgas | 01 Meán Fómhair 2014 |

Aguisín C (ii)

Bileog Oibre chun Saoire Mháithreachais a ríomh do Neamhláithreacht Múinteora

| | | |
|---|---|---|
| Ainm: | | Uimh. PPS: |
| (1) Dáta tuartha na breithe (DTB) | Ní mór don iarratasóir Teastas Dochtúra a sholáthar chun é seo a dheimhniú. | Dáta: |
| (2) Tosach | An dáta a bheidh an tsaoire mháithreachais le tosú (nach mór a bheith 2 sheachtain ar a laghad roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh) | Dáta: |
| (3) Dáta Deiridh | Comhair 26 seachtain ón dáta tosaithe (182 lá) | Dáta: |
| (4) Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha (a thosaíonn díreach i ndiaidh gnáth Shaoire Mháithreachais agus déirí seachtaine san áireamh) | An méid saoire neamhíoctha atá iarrtha (go dtí uasmhéid 16 seachtain = 112 lá). | Dáta:<br>Ó:____________<br>Go:__________ |
| (5) Dáta Fillte Sealadach | Aimsigh an chéad lá oibre eile a thagann i ndiaidh deireadh na tréimhse Saoire Máithreachais Reachtúla Neamhíoctha. | Dáta:<br>Mura dtógtar saoire a bhfuil breac chuntas tugtha ina leith ag (6) ansin is é sin an dáta le filleadh ar obair. |
| (6) Tá rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha a thógáil go dtí deireadh na scoilbhliana | Tugann deireadh na scoilbhliana le tuiscint an chéad 31 Lúnasa tar éis an dáta ag uimhir (5) thuas. | Má bhaineann saoire reachtúil neamhíoctha ansin ritheann sé ón dáta ag uimhir (5) go 31 Lúnasa<br><br>________ go 31 Lúnasa _______ |
| (7) Dáta deiridh chun filleadh ar dualgas | Is ionann é sin agus an chéad lá oibre a bheidh ann tar éis na tréimhse ag uimhir (6) thuas. | Dáta deiridh fillte: |